Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Samhain 2016**
**(OR. en)**

**14777/16**
**ADD 2**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0362 (COD)**

**EF 353**
**ECOFIN 1098**
**DRS 46**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 23 Samhain 2016 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2016) 378 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra lena leasaítear; - Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta; - Treoir 2013/36/AE maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta; - Treoir 2014/59/AE lena mbunaítear creat le haghaidh téarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta; - Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2016) 378 final.

---

Faoi iamh: SWD(2016) 378 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.11.2016
SWD(2016) 378 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra lena leasaítear; - Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta; - Treoir 2013/36/AE maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta; - Treoir 2014/59/AE lena mbunaítear creat le haghaidh téarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta; - Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair**

{COM(2016) 850 final}
{COM(2016) 851 final}
{COM(2016) 852 final}
{COM(2016) 853 final}
{COM(2016) 854 final}
{SWD(2016) 377 final}

## Bileog Achoimre Feidhmiúcháin

An measúnú tionchair ar Rialachán Leasúcháin maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa, Treoir 2013/36/AE maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, Treoir 2014/59/AE lena mbunaítear creat le haghaidh téarnamh institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta a agus a réiteach, Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair.

### A. An gá le beart

**Cén fáth? Cad í an fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?** 11 líne ar a mhéid

Ar mhaithe le cobhsaíocht airgeadais agus le clár oibre an Choimisiún i leith post agus fáis, tá géarghá leis na bearta seo: dul i ngleic le roinnt easnamh sa chóras rialála reatha; sraith beart idirnáisiúnta iar-ghéarchéime a chun chun feidhme; agus tionscnaimh i leith an aontais baincéireachta a chomhlíonadh go grod. Ar leibhéal níos sonraí, tá rioscaí suntasacha ann faoi láthair i leith na cobhsaíochta airgeadais agus easnamh maoiniúcháin banc sa mhargadh ar ábhar imní é. Lena chois sin, ní mór tuilleadh a dhéanamh chun a áirithiú nach gá don cháiníocthóir ualach cliste institiúide a bhí 'rómhór le cliseadh' a iompar. Ar a bharr sin, tá sí ríthábhachtach freisin iarracht a dhéanamh na hualaí míréireacha rialála agus comhlíonta atá ann a laghdú, nuair is féidir.

Is iad na fachtóirí seo a leanas is cúis, i bpáirt, leis na fadhbanna sin:

- Riosca go mbeifear ag brath go hiomarcach ar mhaoiniú gearthéarmach ardluacha chun gníomhaíochtaí fadtéarmacha a mhaoiniú;
- Riosca go mbeidh giaráil iomarcach ó institiúidí;
- Muirir Chaipitil fho-optamacha ar neamhchosaintí FBManna;
- Riosca go gclisfidh ar institiúidí a mbaineann tábhacht shistéamach leo go neamhordúil;
- Clistí is féidir a bheith ann de dheasca ceanglais chaipitil neamh-leordhóthanacha ar institiúidí; agus
- Comhchuibhiú neamh-leordhóthanach ar fhorálacha réitigh áirithe (amhail na forálacha a bhaineann le rangú dócmhainneachta agus le *moratorium*).

**Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?** 8 líne ar a mhéid

Is é an chéad sprioc atá ag an tionscnamh seo, dul i ngleic leis na ceisteanna atá luaite thuas. Tríd sin a dhéanamh, déanfaidh sé na bearta seo a leanas freisin: 'gabháil riosca' agus 'íogaireacht riosca laistigh den chreat stuamachta' a fheabhsú; cumas ionsúcháin caillteanas agus cumas athchaipitlithe G-SIBanna a fheabhsú; agus comhréireacht a mhéadú. Lena chois sin, táimid ag súil go laghdóidh an tionscnamh ualaí riaracháin, costais comhlíonta agus an dóchúlacht go ndéanfar arbatráiste riosca agus, san am céanna, cothrom iomaíochta a fheabhsú agus a áirithiú go mbeidh deimhneacht dhlíthiúil agus comhleanúnachas dlíthiúil níos mó ann.

**Cad é an breisluach atá le beart ar leibhéal an Aontais Eorpaigh?** 7 líne ar a mhéid

Tá gá le beart ar leibhéal an Aontais Eorpaigh mar go láimhseáiltear ceanglais stuamachta le haghaidh institiúidí ar leibhéal an Aontais Eorpaigh cheana. Meastar gurb é an cineál sin leasaithe ar ionstraimí dlíthiúla CRR, CRD agus BRRD an rogha mhalartach is fearr (féach Airteagal 114 CFAE i gcás CRR agus BRRD agus Airteagal 53(1) CFAE i gcás CRD chun an bunús dlí a fháil). Chuirfeadh bearta breise ar leibhéal an Aontais Eorpaigh cur chun feidhme aonfhoirmeach caighdeán rialála agus cóineasú na gcleachtas maoirseachta chun cinn. Ar a bharr sin, d'áiritheodh sé cothrom iomaíochta ar fud an Aontais Eorpaigh, rud atá tábhachtach mar go n-oibríonn bainc – éagsúil ó thaobh raon geografach agus mar atá siad – i margaí ag a bhfuil raon geografach níos leithne agus go bhfuil an deis acu seirbhísí a chur ar fáil agus iad féin a bhunú i mBallstáit eile. Mar sin féin, choinneodh na Ballstáit agus na húdaráis inniúla náisiúnta na cumhachtaí atá acu cheana dul i ngleic le gnéithe sonracha náisiúnta, eacnamaíocha agus airgeadais (beartais mhacrastuamachta agus maoláin riosca shistéamacha).

### B. Réitigh

**Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a rinneadh a mheas? An bhfuil rogha tosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?** 14 líne ar a mhéad

Cuireadh roghanna reachtacha agus roghanna neamhreachtacha san áireamh i gcás gach gné de na moltaí. Mar sin féin, ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil agus chun gur fusa cothrom iomaíochta a áirithiú ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar an leibhéal domhanda, is gá, go háirithe i gcás cur chun feidhme caighdeán idirnáisiúnta arna nglacadh ag Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht (CBMB) nó an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais (BCA), iad sin a chur chun feidhme mar roghanna beartais reachtacha.

Mar an gcéanna, ní féidir an calabrú ar cheanglais chaipitil maidir le neamhchosaintí ar FGBanna a thacódh le

sprioc an Choimisiúin maidir le fás agus poist a dhéanamh ach trí leasuithe a dhéanamh ar CRR.

Ar a bharr sin, maidir le sprioc na comhréireachta, bheadh gá le athruithe ar an téacs dlíthiúil. Ar na hathruithe sin tá deireadh a chur le roinnt oibleagáidí sa reachtaíocht atá ann faoi láthair (e.g. roinnt ceanglas nochta a laghdú i gcás institiúidí nach bhfuil chomh suntasach sin, roinnt ceanglas aiscíoctha a tharscaoileadh i gcás institiúidí nach bhfuil chomh mór nó nach bhfuil chomh casta sin), nó gan ceanglais dhlíthiúla a thabhairt isteach i gcás roinnt institiúidí (e.g. ceanglas TLAC a chur i bhfeidhm maidir le hinstitiúidí domhanda a bhfuil tábhacht shistéimeach leo (G-SII), nó bainc forbartha poiblí a eisiamh ón gceanglas cóimheasa giarála).

Lena chois sin, tá gá le dul i ngleic leis an easpa comhchuibhithe faoi na forálacha réitigh agus ní féidir sin a dhéanamh ach trí roghanna a thabhairt isteach lenar fusa uirlisí *moratorium* a chur i bhfheidhm agus formhínithe a thabhairt ar rangú creidiúnaithe institiúidí.

**Cé atá i bhfách le cén rogha?** 7 líne ar a mhéad

I bhformhór mór na moltaí a ndeachthas i ngleic leo sa mheasúnú tionchair, bheadh argóintí ann de ghnách ar son laghdú ar cheanglais stuamachta, cé go gcosnódh maoirseoirí an cur chuige níos stuama atá léirithe sna caighdeáin a sheachaid CBMB. Labhródh cuideachtaí, FBManna go háirithe, ar son síntí ar laghduithe caipitil ar neamhchosaintí ar FBManna.

Mar sin féin, tacaíonn an tionscadal agus na maoirseoirí le soiléiriú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm phrionsabal na comhréireachta maidir le haisíoc.

## C. Tionchar rogha na tosaíochta

**Cad iad sochair rogha na tosaíochta (más ann do rogha na tosaíochta; murab ann di cad iad sochair na bpríomhroghanna)?** 12 líne ar a mhéad

Dá gcuirfí chun feidhme na roghanna tosaíochta éagsúla, d'áiritheofaí (i) go ndéanfaí caipitliú ní b'fhearr ar institiúidí an Aontais Eorpaigh, (ii) go mbeadh foinsí cistiúcháin ní ba chobhsaí acu, (ii) nach mbeadh giaráil iomarcach ina gclár comhardaithe agus (iv) go réiteofaí iad ní b'éifeachtaí. Bheadh cumas ní b'fhearr acu turgnaimh eacnamaíocha a sheasamh. Laghdódh sin mar an gcéanna an riosca go gclisfeadh orthu agus laghdófaí ar an gcaoi sin an dóchúlacht go mbeadh ar an earnáil phoiblí iad a tharrtháil. Dá gclisfeadh ar institiúid (G-SII go háirithe), ba cheart go n-áiritheofaí, trí bhearta spriocdhírithe a thabhair isteach chun an próiseas réitigh a dhaingniú, gur bheag an tionchar a bheadh ag réiteach na hinstitiúide ar cháiníocóirí.

Sa bhreis air sin, ba cheart go laghdódh na bearta breise chun comhréireacht cuid de na ceanglais a mhéadú (ceanglais a bhaineann le tuairisciú, nochtadh agus aisíoc), ba cheart go laghdódh siad an t-ualach riaracháin agus an t-ualach comhlíonta ar institiúidí nach bhfuil chomh mór sin nó nach bhfuil chomh casta sin. Lena chois sin, ba cheart go dtiocfadh soiléire dhlíthiúil as na bearta i gcomhthéacs réiteach na mbanc agus, dá bhrí sin, go mbeadh gur mhó an deimhneacht a bheadh ann d'údaráis réitigh agus d'institiúidí agus go gcuirfí le muinín infheisteoirí.

**Cad iad costais rogha na tosaíochta (más ann do rogha na tosaíochta, murab ann di cad iad costais na bpríomhroghanna)?** 12 líne ar a mhéad

A mhéid nach bhfuil cistí dílse leordhóthanacha ag institiúid faoi láthair chun na ceanglais cístí dílse nua (nó athbhreithnithe) atá sa togra seo, bheadh uirthi cistí dílse breise a fháil nó a neamhchosaintí a laghdú. Mar an gcéanna, mura bhfuil méideanna leordhóthanacha cistiúcháin chobhsaí ag institiúid faoi láthair chun an ceanglas cistiúcháin chobhsaí a chomhlíonadh, bheadh uirthi cistí dílse breise a fháil nó struchtúr aibíochta a sócmhainní a athrú. Lena chois sin, thiocfadh costais aonuaire as athruithe ar na ceanglais de dheasca athruithe ar chórais tuairiscithe. Mar sin féin, i gcás institiúidí nach bhfuil chomh mór sin, ba cheart go dtiocfadh sochar glan do na gnólachtaí sin as an laghdú ar na costais tuairiscithe athfhillteacha as na simplithe ar na ceanglais tuairiscithe agus nochta.

Thiocfadh na costais thuasluaite chun cinn sa ghearrthéarma den chuid is mó agus táthar ag súil go gcúiteodh na sochair fhadtéarmacha a bheadh ag an méadú ar chobhsaíocht na hearnála airgeadais na costais sin.

**Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?** 8 líne ar a mhéad

Táthar ag súil go rachaidh an t-athchalabrú ar cheanglais chaipitil maidir le neamhchosaintí bainc ar FGBanna atá beartaithe chun sochair don mhaoiniú a fhaigheann FBManna ó na bainc. Is iad na FBManna a bhfuil neamhchosaintí acu is mó ná €1.5 milliún faoi láthair is mó a bhainfeadh tairbhe as sin, ós rud é nach bhfaigheann siad an fachtóir tacaíochta FBM faoi láthair.

Táthar ag súil go méadóidh roghanna eile atá beartaithe sa Mheasúnú Tionchair, go háirithe na roghanna atá dírithe ar athléimneacht banc i leith géarchéimeanna amach anseo.

Ar deireadh, táthar ag súil go laghdóidh bearta atá dírithe ar chostais comhlíonta na n-institiúidí, go háirithe

| |
|---|
| institiúidí nach bhfuil chomh mór sin agus iad siúd nach bhfuil chomh casta sin, go laghdóidh siad costais iasachtaíochta FBManna. |
| **An n-imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?** <u>4 líne ar a mhéad</u> |
| Ní imreofar. |
| **An mbeidh tionchar suntasach eile ann?** <u>6 líne ar a mhéid</u> |
| Níl coinne le tionchar suntasach eile. |
| **D. Obair leantach** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** <u>4 líne ar a mhéad</u> |
| Déanfar an measúnú ar thionchar an phacáiste seo cúig bliana tar éis theacht i bhfeidhm na reachtaíochta seo, rud atá ag teacht leis an modheolaíocht a comhaontaíodh sular seoladh an measúnú. |